

2020

SCOLÁIREACHTAÍ
Scoil Shamhraidh
Chonradh
Drámaíochta na
hÉireann



Conradh
Drámaíochta
Na hÉireann

Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Lú



Create Louth

Arts Service of Louth County Council

Is mian le Comhairle Contae Lú tacú le forbairt agus oiliúint daoine aonair agus grúpaí i réimse na drámaíochta. Féadfaidh scaipeadh eolais agus scileanna ar ghrúpaí drámaíochta, amharclanna óige, scoileanna, agus clubanna agus eagraíochtaí eile caighdeán a ardú agus líon na rannpháirtithe san fhoirm ealaine seo a mhéadú.

Níl aon fhoirm iarratais ann don scoláireacht seo. Ba mhór ag Comhairle Contae Lú iarratais a fháil ó dhaoine ar spéis leo cur isteach ar sparánacht a chumasóidh do na daoine a fhaigheann í freastal ar Scoil Shamhraidh Chónaithe Bliantúil an Chonradh Drámaíochta na hÉireann. Beidh fáilte roimh iarratais ó dhaoine a bhí rannpháirteach in amharclannaíocht cheoil agus i gcumainn gheamaireachta, leis.

Sa bhliain 2020, is ag Ollscoil Luimnigh a bheidh an Scoil Shamhraidh idir 25 Iúil go 1 Lúnasa, 2020. Beidh roinnt cúrsaí ar fáil, agus gach ceann acu á theagasc de chuid cleachtóir gairmiúil amharclainne.

Clúdóidh an scoláireacht iostas singil le háiseanna en-suite, béilí agus teagasc. Ní chlúdófar costais taistil.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór don iarrthóir na nithe seo a leanas a chur chuig Comhairle Contae Lú.

- (a) Curriculum Vitae cothrom le dáta a léiríonn taithí an iarrthóra ar an drámaíocht, nó ar a bheith rannpháirteach in obair óige nó in obair phobail.
- (b) Lítir shínithe ag cur isteach ar an sparánacht, a mhíníonn an tslí a rachadh an scoláireacht chun tairbhe an iarrthóra, nó grúpa ar leith.

Is féidir sonraí maidir leis na cúrsaí atá á dtairiscint a fháil ar láithreán gréasáin CDnahÉ ag www.dli.ie

Forchoimeádann Comhairle Contae Lú an ceart gan an Sparánacht a bhronnadh, má chreideann sé gur mar seo ab fhearr a d'fhónfaí do leasa an Comhairle Contae, an Sparánacht agus na n-iarrthóirí.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith 18 mbliana nó os a chionn an 31 Eanáir 2020.

Glacfar le hiarratais suas go dtí 4.00 tráthnóna, Déardaoin, an 26 Márta, 2020.

Ní mór gach iarratas, beag beann ar sheoladh an iarrthóra i gContae Lú, a chur chuig: An Oifig Ealaíon, Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, Contae Lú. A91 KFW6